## Admháil go bhfuarthas ilghearán faoi shárú líomhnaithe a bheith déanta ag an nGearmáin ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le forghníomhú breithiúnas

## Uimhir thagartha: CHAP(2020)1541

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach faoi chinneadh a rinne Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhm na Gearmáine ina ndiúltaítear breithiúnas ón gCúirt Achomhairc in Kraków a fhorghníomhú, ar de réir an bhreithiúnais sin a rialaíodh gur sháraigh stáisiún teilifíse de chuid na Gearmáine cearta pearsanta iar-phríosúnaigh a bhí i sluachampa géibhinn agus díothaithe Auschwitz nuair a d'fhoilsigh an stáisiún an frása "campaí díothaithe Polannacha" ar a shuíomh gréasáin. Líomhnaítear sna gearáin go ndearnadh sárú ar Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (Rialachán na Bruiséile I), ar ina ionad a cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (Rialachán na Bruiséile Ia).

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2020)1541. Is féidir eolas breise faoin ngearán atá agat a chur faoi bhráid na bpointí teagmhála a liostaítear anseo, ach an uimhir thagartha thuas a lua.

Ós rud é go bhfuil líon suntasach gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar sin, tá an admháil fála seo á foilsiú aige ar leathanach sainithe shuíomh gréasáin Europa d'fhonn freagairt thapa a thabhairt do na daoine sin lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, agus an pobal i gcoitinne á chur san áireamh a bhféadfadh leas a bheith acu sa tsaincheist atá na gearánaigh a ardú. Is ar an mbealach céanna a gcuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an gearán a mheas i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh is infheidhme agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *EU law: Better results through better application* ["Dlí an Aontais Eorpaigh: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr"][1].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú tar éis do ghearán a fháil, lena n-áirítear tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, is é an aidhm a bhíonn aige i gcoitinne a áirithiú go bhfuil dlí an Bhallstáit i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i gceart. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainiúil féin é gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, lena n-áirítear cúiteamh má tá bonn cirt leis, ba cheart duit gníomhú ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Nuair a chuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuirtear siar an teorainn ama le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta. I bhfeidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh freisin gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais Eorpaigh.

Trí réamhshocrú, beidh seirbhísí an Choimisiúin ag déileáil leis an ilghearán sin faoi rún. Sa chás gur roghnaigh gearánach gan a chuid sonraí a choimeád faoi rún san fhoirm ghearáin, agus sa chás sin amháin, féadfaidh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh agus aon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit ar ina choinne a bhfuil an gearán déanta. Féadfaidh sé a bheith fíor-riachtanach céannacht an ghearánaigh a nochtadh i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

[1] C(2016)8600.

Tá feidhm ag sainráiteas príobháideachais maidir le láimhseáil gearán.